

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
RÁITIS AIRGEADAIS
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31/12/24**

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
RÁITIS AIRGEADAIS
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31/12/24**

INNÉACS

<u>ÁBHAR</u>	<u>LEATHANACH</u>
Faisnéis Ghinearálta	2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	3-6
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	7-8
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	9-10
An Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	11
An Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach	12
An Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	13
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	14
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	15-31

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Faisnéis Ghinearálta

Comhaltaí Boird:

Comhaltaí Boird Reatha:

- Catherine Heaney (a ceapadh i mí Iúil 2021)
- Teresa Blake (a ceapadh i mí na Nollag 2020)
- Claire Byrne (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Mary Corcoran (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Catriona Curtis (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Mary Dorgan (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Sarah Harte (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Brid O'Donovan (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Seán Sheridan (a ceapadh i mí na Samhna 2015, a athcheapadh i mí na Nollag 2020)
- Seamus Smith (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Stephen Lycett (a ceapadh i mí Aibreáin 2023)
- Fiona Ward (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Orlagh Nevin (a ceapadh i mí Aibreáin 2024)
- Patrick Gibbons (a ceapadh i mí an Mheithimh 2024)

An Cathaoirleach: Catherine Heaney

Seoladh: Teach Cé Sheoirse
43 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Graham Long

Rúnaí: Caroline Mitchell

Aturnaetha: Holmes O'Malley Sexton LLP
Seomra 1
Bishopsgate
Sráid Anraí
Luimneach

Baincéirí: AIB
52 Sráid Bhagóid Uachtarach
Baile Átha Cliath 4

Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3a Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Iniúcháirí Inmheánacha: Sumer (NI)
4ú Urlár
Glendinning House
6 Sráid Murray
Béal Feirste
BT15DN

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin Acht um Chomhairle 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Coimirce Sóisialaí agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dócha a thiocfaidh chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais do Chomhaltaí Boird, don Chathaoirleach, don Phríomhfheidhmeannach agus don Rúnaí, ina bhfuil na nithe atá curtha in áirithe go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na míreanna buana arna mbreithniú ag an mBord tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta, agus
- tuarascálacha ar fheidhmíocht.

Ceanglaítear leis an Acht um Chomhairle 2000, Alt 22 (4a), ar Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ráitis airgeadais a ullmhú, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN, maidir leis na cuntais chuí uile is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh de bheith ag feidhmiú; agus
- a dhearbhu cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon sé na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh géasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Déanann an Bord monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi threoir an phlean gnó bhliantúil agus an bhuiséid trí nuashonruithe ar an bplean agus ar fheidhmíocht airgeadais ag gach cruinniú Boird.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh an 31 Nollaig 2024.

An 25 Iúil 2025, d'fhorghas an Bord síniú an ráitis seo agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus trí¹ ghnáthchomhalta dhéag ar an mBord, agus is é an tAire Coimirce Sóisialaí a cheapann iad go léir. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus tagann siad le chéile seacht n-uaire sa bhliain. Leagtar amach an tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha sa tábla thíos:

Comhalta Boird	Ról	An Dáta a Ceapadh	Sonraí Breise
Catherine Heaney	Cathaoirleach	Iúil 2021	
Teresa Blake	Gnáthchomhalta	Nollaig 2020	
Claire Byrne	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Mary Corcoran	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	
Catriona Curtis	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	
Mary Dorgan	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	
Mary Doyle	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2018	Athcheaptha i Mí Aibreán 2019, chríochnaigh téarma an bhoird i mí Aibreán 2024
Patrick Gibbons	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2024	
Sarah Harte	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Stephen Lycett	Gnáthchomhalta	Aibreán 2023	
Orlagh Nevin	Gnáthchomhalta	Aibreán 2024	
Brid O'Donovan	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Ian Power	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheapadh i mí an Mheithimh 2021 agus i mí Mheán Fómhair 2022, d'fhág sé ballraíocht an Bhoird i mí Feabhra 2025.
John Saunders	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i mí an Mheithimh 2021, chríochnaigh téarma an bhoird i mí an Mheithimh 2024
Seán Sheridan	Gnáthchomhalta	Samhain 2015	Athcheaptha mí na Nollag 2020
Seamus Smith	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Fiona Ward	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	

Tá cúig choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

- Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca:** tá triúr comhaltaí den Bhord agus ceathrar comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Claire Byrne (Cathaoirleach), Seamus Smith, Fiona Ward (a tháinig isteach i mí Eanáir 2024), Cyril Sullivan, Alex Hoare, Declan Norgrove (a tháinig isteach i mí Eanáir 2024) agus Declan Mohan (a tháinig isteach i mí Dheireadh Fómhair 2024). Ó 2023 i leith, d'fhág an comhalta seo a leanas an Coiste: Mary Doyle. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna airgeadais, riosca, rialaithe, rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, áiríthíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca in 2024.
- An Coiste Rialachais:** tá cúigear comhaltaí ar an mBord. Is iad comhaltaí an choiste seo Cathaoirleach an Bhoird agus Cathaoirligh na gcoistí eile: Catherine Heaney, Claire Byrne, Orlagh Nevin, Seamus Smith agus Seán Sheridan. Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste Rialachais in 2024.
- An Coiste um Chomhlíonadh agus um Thuairisciú:** tá triúr comhaltaí den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Seamus Smith (Cathaoirleach), Catriona Curtis, Richard Deane agus Mary Dorgan (a tháinig isteach i mí na Bealtaine 2024). Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Chomhlíonadh agus um Thuairisciú in 2024.
- An Coiste TFC, Digiteach agus Sonraí:** tá ceathrar comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Orlagh Nevin (Cathaoirleach a tháinig isteach i mí na Samhna 2024), Sarah Harte, Tina Leonard, Owen Harrison, Mary Corcoran agus Patrick Gibbons (a tháinig isteach i mí na Samhna 2024). I mí Feabhra 2025, d'fhág Ian Power an Coiste. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste TFC, Digiteach agus Sonraí in 2024.
- An Coiste um Chaighdeán agus um Fhorbairt:** tá triúr comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Seán Sheridan (Cathaoirleach), Teresa Blake, Brid O'Donovan, Emer Darcy agus Joanne Geary. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Chaighdeán agus um Fhorbairt in 2024.

¹ Is é cúig chomhalta dhéag an t-uasmhéid ar an mBord.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Comhalta den Bhord / Choiste	Bord	An Coiste Airgeadais, Iniúcháire chta & Riosca	An Coiste Rialachais	An Coiste um Chomhlíonad h agus um Thuairisciú	An Coiste TFC, Digiteach agus Sonraí	An Coiste um Chaighdeán agus um Fhorbairt	Táillí 2024 €	Costais 2024 €
Líon na gCruinnithe	7	6	9	4	5	4		
Catherine Heaney (Cathaoirleach)	7		9				11,970	0
Teresa Blake	4					4	7,695	0
Claire Byrne	6	5	7				7,695	0
Mary Corcoran	6				5		0	0
Catrina Curtis	6			3			7,695	0
Mary Dorgan	6			2			7,695	1,126
Mary Doyle	1	2					1,098	0
Patrick Gibbons	4				1		7,695	42
Sarah Harte	5				4		7,695	0
Stephen Lycett	7						0	0
Orlagh Nevin	4				1		7,695	0
Brid O'Donovan	4		2			4	7,695	0
Ian Power	7		8		5		7,695	0
John Saunders	2		3	2			3,848	0
Seán Sheridan	5		7			4	7,695	1,423
Seamus Smith	6	6	6	4			7,695	0
Fiona Ward	6	5					0	0
Alex Hoare (seachtrach)		6					1,697	0
Cyril Sullivan (seachtrach)		2					566	57
Declan Norgrove (seachtrach)		6					1,697	0
Declan Mohan (seachtrach)		1					283	0
Richard Deane (seachtrach)				4			0	0
Owen Harrison (seachtrach)					4		0	0
Emer Darcy (seachtrach)						2	0	0
Tina Leonard (seachtrach)					4		0	0
Joanne Geary (seachtrach)						3	0	0
							105,804	2,648

I gcomhréir le Cód Cleachtais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh maidir le Comhaltaí Boird, i gcás inar fhreastail comhalta ar níos lú ná leath de na cruinnithe i mbliain téarma, beidh táille laghdaithe iníoctha arna ríomh ar bhonn pro-rata. Féadfaidh an Cathaoirleach, dá lánrogha féin, athbhreithniú a dhéanamh ar an táille laghdaithe ag féachaint do na himthosca is cúis leis na neamhláithreachtaí ábhartha. Níor íocadh an táille iomlán le haghaidh 2024 le haon chomhalta a d'fhreastail ar níos lú ná leath na gcruinnithe in 2024. Íoctar táillí le comhaltaí Boird de réir threoirlíne na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta NDP agus Athchóirithe maidir le táillí is iníoctha le Cathaoirleach agus Comhaltaí Boird Stáit, leibhéal chatagóir a trí faoi láthair.

Bhí triúr comhaltaí den Bhord i riocht oibre ann, Stephen Lycett, Mary Corcoran agus Fiona Ward, nach bhfuair táille Bhoird faoin bprionsabal Tuarastal Amháin ag Duine Amháin. Tá Stephen Lycett fostaithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, tá Mary Corcoran fostaithe ag Ollscoil Mhá Nuad agus tá Fiona Ward fostaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní nochtar tuarastal Stephen i leith a chuid dualgas mar fhostaí de chuid an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh sa liosta de dhíolaíochtaí chomhaltaí an Bhoird thuas.

Le linn 2024, tionóladh seacht gcruinniú Boird. Tá achoimre ar an tinreamh ag na cruinnithe sin leagtha amach sa tábla thuas.

Baineann costais uile an Bhoird le taisteal intíre.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

Príomhathruithe Pearsanra

Liostaítear na príomhathruithe pearsanra le linn 2024 sa tábla thíos.

Ainm	Ról	Mionsonraí
Mary Doyle	Comhalta Boird	Chríochnaigh téarma an Bhoird i mí Aibreáin 2024
John Saunders	Comhalta Boird	Chríochnaigh téarma an Bhoird i mí an Mheithimh 2024
Orlagh Nevin	Comhalta Boird	Ceaptha chuig an mBord i mí Aibreáin 2024
Patrick Gibbons	Comhalta Boird	Ceaptha chuig an mBord i mí an Mheithimh 2024
Enda Connolly	Bainisteoir Sinsearach	D'fhág sé an ról mar Cheann Gníomhach an Rannáin, Márta 2024
Caroline Mitchell	Bainisteoir Sinsearach	Ceaptha ar Cheann Gníomhach an Rannáin, Aibreán 2024

Nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta NDP agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

- miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe - leagtha amach i nóta 3 a ghabhann leis na ráitis airgeadais,
- costais sainchomhairleoireachta (lena n-áirítear costais ghinearálta dlí) – atá leagtha amach i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais,
- costais dlí agus socraíochtaí – seachas táillí dlí ginearálta níor tabhaíodh aon chostais eile,
- caiteachas taistil agus cothaithe – atá leagtha amach i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, agus
- caiteachas ar fháilteachas - níor tabhaíodh aon chostais.

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Bhí an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i gcomhréir iomlán leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2024.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Catherine Heaney
Cathaoirleach
Dáta: 25/07/2025

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 25/07/2025

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a choimirciú, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta NDP agus Athchóirithe, i bhfeidhm ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Bhainistiú

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina bhfuil triúr comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais, bainistíochta riosca agus iniúchóireachta acu. Bhuail an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire in 2024.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh mar atá sainithe i gCairt an Bhoird maidir le hIniúchóireacht Inmheánach. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta ina leith, agus tá pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís sin. D'fhorhuinigh Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an anailís ar riosca agus ar na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus d'fhorheas an Bord iad. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Bhord. Déantar feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig gnólacht cuntasafachta seachtrach.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlachtacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball den fhoireann a bhfuil coinne leis go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistithe riosca an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, chun foláireamh a thabhairt don bhainistíocht maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú agus d'fhoill freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina shainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil. Déanann an Bord an clár riosca a athbhreithniú agus a nuashonrú faoi dhó sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhoireann shonrach atá freagrach as na rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a choimeádann an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- le nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, áirithítear rialú leordhóthanach ar fhorheas deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh cistiú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Déantar nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus déanann siad tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh na mbuiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Cuirtear ábhair a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar i dtábhacht faoi na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá faireachán agus athbhreithniú an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2024 i mí an Mhárta 2025.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Soláthar Neamhchomhlíontach

Le linn 2024, tabhaíodh caiteachas €447,615² i ndáil le hearraí agus seirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair. Is ionann sin agus conradh amháin san iomlán. Rinneadh an conradh sin a sholáthar go rathúil i mí na Nollag 2024.

I Ráiteas 2023 maidir le Rialú Inmheánach, tugadh faoi deara go raibh dhá chonradh ina raibh caiteachas €238,741² san iomlán neamhchomhlíontach. Astu sin, soláthraíodh conradh amháin go rathúil trí phróiseas tairisceana oscailte i mí na Nollag 2023 agus soláthraíodh an conradh eile go rathúil i mí na Nollag 2024.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Catherine Heaney
Cathaoirleach
Dáta: 25/07/2025

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 25/07/2025

² Gan CBL san áireamh



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair agus an tArd-Iniúcháir

Tuarascáil le cur faoi bhráid Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Chomhairle 2000. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas maidir le staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas le haghaidh 2024 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltáí an Bhoird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann an

Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháir

29 Iúil 2025

Freagrachtaí chomhaltai an Bhoird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó chomhaltai an Bhoird freagrachtaí chomhaltai an Bhoird maidir le

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht um Chomhairle 2000
- cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé a bhfuil úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasáíochta cuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha a chumasú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire agus an Ard-Iniúcháora

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Chomhairle 2000 ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid nó nach bhfuil. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míríteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le mírítis a bheith ann mar thoradh ar chalaos nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodís tionchar ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim na rioscaí a bhaineann le míríteas ábhartha ar na ráitis airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, bíodh sin mar gheall ar chalaos nó earráid; nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i gcrích a bheidh freagrúil do na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus íomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraitheáir míríteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míríteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

- Déanaim cinneadh maidir le cuibhiúlacht úsáid an bhoinn cuntasáíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, maidir le cé acu is ann nó nach ann d'aon éiginnteacht ábhartha i dtaca le teagmhais nó dálaí as a n-eascródh amhras suntasach i dtaobh chumas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh leanúint leis mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor a leithéid de nochtadh, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, go mbeidh teagmhais nó dálaí amach anseo ina gcúis leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh stopadh de bheith ag leanúint leis mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuil, i mo thuairim,

- an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasáíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid dearbhaithe de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraítear ar shlí eile go bhfuil míríteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míríteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim
Coinnithe
Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	61,295,535	58,759,882
Glanmhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha	14 (c)	1,309,000	1,600,000
Ioncam eile		29,521	23,241
Ioncam Iomlán		62,634,056	60,383,123
Caiteachas			
Luach Saothair	3	5,806,224	5,532,792
Táillí agus Costais Chomhaltaí an Bhoird		108,452	97,431
Costais Sochair Scoir	14 (a)	2,602,000	2,627,000
Costais Riaracháin	4	4,009,163	3,747,480
Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CISanna)	7	18,911,911	17,710,406
Comhairle Airgid agus Seirbhísí Buiséadaithe (MABS)	8	21,957,444	21,479,857
Ábhar Digiteach	9	352,272	340,198
Beartas Sóisialta agus Taighde	10	57,084	48,680
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	11	4,064,929	3,873,523
Abhcóideacht	12	4,760,448	4,195,279
Oiliúint/Ríomhfhoghlaim	13	207,733	182,264
Caiteachas Iomlán		62,837,660	59,834,910
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain roimh Leithreasuithe		(203,604)	548,213
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Caipitil	20	(130,990)	178,907
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasuithe		(334,594)	727,120
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 1 Eanáir		2,162,563	1,435,443
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh an 31 Nollaig		1,827,969	2,162,563

Tá an Ráiteas ar Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Catherine Heaney
Cathaoirleach
Dáta: 25/07/2025

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 25/07/2025

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
(Easnamh) / Barrachas tar éis leithreasáí		(334,594)	727,120
Gnóthachan / (Caillteanas) ar Athluacháil Talún agus Foirgneamh		0	245,000
Gnóthachain ó Thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	14 (d)	386,000	509,000
Athruithe ar Thóimhdí is Bunús le Luach Láithreach Oibleagáidí Sochair Scoir		3,441,000	(2,632,000)
Gnóthachan Achtúireach Iomlán / (Caillteanas) sa bhliain		3,827,000	(2,123,000)
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir larchurtha		(3,827,000)	2,123,000
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain		(334,594)	972,120

Tá an Ráiteas ar Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Catherine Heaney
Cathaoirleach
Dáta: 25/07/2025

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 25/07/2025

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas maidir le Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2024

		2024	2023
	Nóta	€	€
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoín, Gléasra agus Trealamh	15	3,572,600	3,441,610
Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha		3,572,600	3,441,610
Sócmhainní reatha			
Infháltais	18	1,328,240	1,362,834
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,056,746	1,265,111
		2,384,986	2,627,945
Dlíteanais Reatha (<i>méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</i>)			
Suimeanna iníoctha	19	(557,017)	(465,382)
Glansócmhainní reatha		1,827,969	2,162,563
Sochair Scoir			
Oibleagáidí Sochair Scoir	14 (b)	(50,619,300)	(53,137,300)
Sócmhainn Maoinithe Sochair Scoir larchurtha	14 (b)	50,619,300	53,137,300
Glansócmhainní iomlána		5,400,569	5,604,173
Arna léiriú ag			
Cuntas Caipitil	20	3,327,600	3,441,610
Cúlchiste Athluachála		245,000	0
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		1,827,969	2,162,563
		5,400,569	5,604,173

Tá an Ráiteas ar Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Catherine Heaney
Cathaoirleach
Dáta: 25/07/2025

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 25/07/2025

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024

	2024	2023
	€	€
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Caiteachas Iomarcach thar Ioncam) / Ioncam Iomarcach thar Chaiteachas	(334,594)	727,120
Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta	385,482	490,161
Laghdú / (Méadú) ar Infháiltais	34,594	(371,939)
Méadú / (Laghdú) ar Suimeanna iníoctha	91,635	(70,807)
Aistriú chuig Cuntas Caipitil / ón gCuntas Caipitil	130,990	(178,907)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	308,107	595,628
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(516,472)	(311,254)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(516,472)	(311,254)
(Laghdú) / Méadú Glan ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	(208,365)	284,374
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir	1,265,111	980,737
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig	1,056,746	1,265,111

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin Acht um Chomhairle 2000, le ceannoifig ag 43 Sráid Chnoc Na Lobhar, Baile Átha Cliath 2. Tá príomhchuspóirí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh leagtha amach i gCuid 2 den Acht um Chomhairle 2000. Is Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Déantar Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CISanna) agus an tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIPS) a sholáthar trí chuideachtaí neamhspleácha a oibríonn faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire. Dá bhrí sin, níl sócmhainní agus dlíteanais na gcuideachtaí sin san áireamh sna ráitis airgeadais.

Leasaíodh Acht na Comhairle, 2000 (arna leasú leis an Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2007) le Cuid 4 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008, chun feidhmeanna an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a leathnú chun soláthar na Seirbhíse Comhairle Airgid agus Buiséadaithe (MABS) agus freagrachtaí gaolmhara a chur san áireamh. Áirítear leis sin cur chun cinn agus forbairt MABS, faisnéis a sholáthar faoin tseirbhís agus oideachas poiblí a chur ar fáil faoi bhainistiú airgid. Rinneadh foráil freisin don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sonraí a thiomsú, taighde a dhéanamh agus comhairle agus faisnéis a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí i ndáil le MABS. Tháinig sannadh na bhfreagrachtaí seo i bhfeidhm ón 13 Iúil 2009.

Cuirtear na Seirbhísí Comhairle Airgid agus Buiséadaithe ar fáil trí chuideachtaí neamhspleácha a oibríonn faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire. Dá bhrí sin, níl sócmhainní agus dlíteanais na gcuideachtaí sin san áireamh sna ráitis airgeadais. Tá úsáid agus diúscairt sócmhainní atá maoinithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi réir srianta atá leagtha amach sa chomhaontú. Áirítear leis na ráitis airgeadais caiteachas a tabhaíodh i maoiniú na gcuideachtaí i rith na bliana. Oibríonn Tacaíocht MABS agus MABS Náisiúnta do Thaistealaithe faoi chomhaontuithe éagsúla leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhoide agus gníomhaire.

Oibríonn an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta agus Clár Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann faoi chomhaontuithe ar leith leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire. Cuireann an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas seirbhís abhcóideachta ionadaíoch neamhspleách, rúnda agus saor in aisce ar fáil, a oibríonn go heisiach don duine a úsáideann an tseirbhís agus a chloíonn leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. Cuireann an tSeirbhís Ateangaireachta na Teanga Chomharthaíochta seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin chun cinn, déanann sí ionadaíocht orthu, agus cinntíonn sí infhaighteacht seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin do dhaoine Bodhra in Éirinn. Bunaíodh an Lárionad Rialála d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann in Éirinn chun Clár d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chothabháil, clár deonach, náisiúnta, gairmiúil.

Leithdháileann agus íocann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh deontais leis na comhlachtaí seo ar bhonn pleananna caiteachais ceadaithe. Déantar aon mhéideanna nár caitheadh ó leithdháiltí na bliana roimhe sin a aisghabháil go díreach ó na comhlachtaí sin sa chéad ráithe den bhliain dár gcionn agus ní dhéantar iad a fhritháireamh in aghaidh leithdháileadh na bliana sin.

(b) Ráiteas Comhlíontachta

Táthar tar éis ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

(c) Airgeadra

Socraítear na ráitis airgeadais i Euro. Is é an Euro airgeadra feidhmeach an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

(d) Bunús an Ullmhúcháin

